Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Nollaig 2021
(OR. en)

14943/21
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0406(COD)**

COMER 113
IA 204
CODEC 1634

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Nollaig 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 775 final - ANNEXES 1 to 2 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an Togra le hAghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an Aontas agus a Bhallstáit a chosaint ar chomhéigean eacnamaíoch de dhéanamh tríú tíortha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 775 final - ANNEXES 1 to 2.

Faoi iamh: COM(2021) 775 final - ANNEXES 1 to 2

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.12.2021
COM(2021) 775 final

ANNEXES 1 to 2

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann leis an**

**Togra le hAghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**maidir leis an Aontas agus a Bhallstáit a chosaint ar chomhéigean eacnamaíoch de dhéanamh tríú tíortha**

{SEC(2021) 418 final} - {SWD(2021) 371 final} - {SWD(2021) 372 final}

## IARSCRÍBHINN I

Bearta freagartha an Aontais de bhun Airteagal 7 agus (8)

Is iad na bearta a fhéadfar a ghlacadh de bhun Airteagal 7 agus (8):

(a) lamháltais taraife a fhionraí, de réir mar is gá, agus dleachtanna custaim nua nó méadaithe a fhorchur, lena n-áirítear athbhunú dleachtanna custaim ar leibhéal na náisiún barrfhabhair nó dleachtanna custaim a fhorchur thar leibhéal na náisiún barrfhabhair, nó aon mhuirear breise ar allmhairiú nó ar onnmhairiú earraí a thabhairt isteach;

(b) oibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme a fhionraí, de réir mar is gá, agus srianta a thabhairt isteach nó a mhéadú ar allmhairiú nó onnmhairiú earraí, bídís curtha i bhfeidhm le cuóta, le ceadúnais allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin nó le haon bhearta eile, nó ar íocaíocht as earraí;

(c) oibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme a fhionraí, de réir mar is gá, agus srianta a thabhairt isteach ar thrádáil in earraí, srianta arna gcur i bhfeidhm trí bhearta a mbeadh feidhm acu maidir le hearraí faoi bhealach nó bearta inmheánacha a mbeadh feidhm acu maidir le hearraí.

(d) oibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme a fhionraí, oibleagáidí a bhaineann leis an gceart bheith rannpháirteach i nósanna imeachta soláthair i réimse an tsoláthair phoiblí, de réir mar is gá, agus:

(i) Earraí, seirbhísí nó soláthróirí earraí nó seirbhísí ón tríú tír lena mbaineann a eisiamh ó sholáthar poiblí nó tairiscintí ar fiú breis agus céatadán sonraithe de na hearraí nó na seirbhísí ón tríú tír lena mbaineann a eisiamh; agus/nó

(ii) pionós ualaithe a fhorchur go héigeantach nuair atá praghas á mheas[1], ar thairiscintí earraí nó seirbhísí nó ar thairiscintí de sholáthróirí earraí nó seirbhísí ón tríú tír lena mbaineann.

Déanfar tionscnamh a chinneadh ar bhonn Iarscríbhinn II;

(e) oibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme a fhionraí, de réir mar is gá, agus srianta a fhorchur ar onnmhairiú earraí a thagann faoi chóras rialaithe onnmhairí an Aontais;

(f) oibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme a fhionraí i ndáil le trádáil i seirbhísí, de réir mar is gá, agus bearta a dhéanann difear do thrádáil i seirbhísí a fhorchur;

(g) oibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme a fhionraí, de réir mar is gá, agus bearta a dhéanann difear d'infheistíocht dhíreach choigríche a fhorchur;

(h) oibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme a fhionraí i ndáil le gnéithe de chearta maoine intleachtúla a bhaineann le trádáil, de réir mar is gá, agus srianta a fhorchur ar chosaint na gceart maoine intleachtúla sin nó ar shaothrú tráchtála na gceart maoine intleachtúla sin, i ndáil le sealbhóirí cirt ar náisiúnaigh iad den tríú tír lena mbaineann;

---

[1] Is éard is brí le pionós ualaithe a fhorchur go héigeantach nuair atá praghas á mheas oibleagáid ar údaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha a sheolann nósanna imeachta soláthair phoiblí chun praghas seirbhísí nó earraí a thagann faoin mhír seo a ardú, faoi réir eisceachtaí áirithe, ar seirbhísí nó earraí iad a tairgeadh faoi nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí.

(i) oibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme a fhionraí i ndáil le seirbhísí airgeadais, de réir mar is gá, agus srianta a fhorchur ar bhaincéireacht, ar árachas, ar rochtain ar mhargaí caipitil an Aontais agus ar ghníomhaíochtaí eile seirbhíse airgeadais;

(j) oibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme a fhionraí i ndáil le cóireáil earraí, de réir mar is gá, agus srianta a fhorchur ar chlárúcháin agus ar údaruithe faoi reachtaíocht an Aontais maidir le ceimiceáin;

(k) oibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme a fhionraí i ndáil le cóireáil earraí, de réir mar is gá, agus srianta a fhorchur ar chlárúcháin agus ar údaruithe a bhaineann le reachtaíocht shláintíochta agus fhíteashláintíochta an Aontais;

(l) oibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme a fhionraí, de réir mar is gá, agus srianta ar rochtain ar chláir thaighde atá cistithe ag an Aontas nó eisiamh ó chláir thaighde atá cistithe ag an Aontas a fhorchur.

## IARSCRÍBHINN II

Rialacha Tionscnaimh

1. Ba cheart tionscnamh earra a chinneadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2].

2. Cinnfear tionscnamh seirbhíse, lena n-áirítear seirbhís a sholáthraítear i réimse an tsoláthair phoiblí, ar bhonn thionscnamh an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh a bhfuil an tseirbhís á soláthar aige. Measfar gurb éard a bheidh i dtionscnamh soláthraí seirbhíse:

   (a) i gcás duine nádúrtha, an tír ar náisiúnach di an duine nó an tír a bhfuil ceart buanchónaithe ag an duine inti;

   (b) i gcás duine dhlítheanaigh aon cheann díobh seo a leanas:

      (i) má sholáthraítear an tseirbhís ar bhealach seachas trí láithreacht tráchtála laistigh den Aontas, an tír ina bhfuil an duine dlítheanach bunaithe nó ina bhfuil sé curtha ar bun ar shlí eile faoi dhlíthe na tíre sin agus a bhfuil sé ag gabháil d'oibríochtaí substainteacha gnó ar a críoch;

      (ii) má sholáthraítear an tseirbhís trí láithreacht tráchtála laistigh den Aontas,

         (a) má tá an duine dlítheanach ag gabháil d’oibríochtaí substainteacha gnó i gcríoch an Bhallstáit ina bhfuil an duine dlítheanach bunaithe sa dóigh is go bhfuil baint dhíreach agus éifeachtach aige le geilleagar an Bhallstáit sin, measfar gurb é tionscnamh an Bhallstáit ina bhfuil an duine dlítheanach bunaithe tionscnamh an duine dhlítheanaigh sin

         (b) mura bhfuil an duine dlítheanach a sholáthraíonn an tseirbhís ag gabháil d’oibríochtaí substainteacha gnó sa dóigh is go bhfuil baint dhíreach agus éifeachtach aige le geilleagar an Bhallstáit ina bhfuil sé bunaithe, measfar gur tionscnamh na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil an duine dlítheanach faoina n-úinéireacht nó faoina rialú tionscnamh an duine dhlítheanaigh sin. Measfar go bhfuil an duine dlítheanach “faoi úinéireacht” daoine de chuid tíre áirithe má tá níos mó ná 50 % dá leas cothromais faoi úinéireacht thairbhiúil daoine den tír sin agus measfar go bhfuil sé “faoi rialú” ag daoine de chuid tíre áirithe, má tá sé de chumhacht ag na daoine sin tromlach de na stiúrthóirí a ainmniú nó a ghníomhaíochtaí a stiúradh go dlíthiúil ar bhealach eile.

      (iii) De mhaolú ar fhomhír (ii)(a), má chinntear gur cheart feidhm a bheith ag bearta freagartha an Aontais maidir le daoine dlítheanacha a thagann faoi fhomhír (ii)(a), is náisiúntacht nó áit buanchónaithe an duine nádúrtha nó dhlítheanach nó daoine ar leo nó a rialaíonn an duine dlítheanach san Aontas a bheidh tionscnamh an duine sin. Measfar go bhfuil an duine dlítheanach “faoi úinéireacht” daoine de chuid tíre áirithe má tá níos mó ná 50 % dá leas cothromais faoi úinéireacht thairbhiúil daoine den tír sin agus measfar go bhfuil sé “faoi rialú” ag daoine de chuid tíre áirithe, má

[2] Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

tá sé de chumhacht ag na daoine sin tromlach de na stiúrthóirí a ainmniú nó a ghníomhaíochtaí a stiúradh go dlíthiúil ar bhealach eile.

3. Is éard a bheidh i náisiúntacht infheistíochta:

(a) má tá an infheistíocht ag gabháil d'oibríochtaí substainteacha gnó i gcríoch an Bhallstáit ina bhfuil an infheistíocht bunaithe sa dóigh is go bhfuil baint dhíreach agus éifeachtach aici le geilleagar an Bhallstáit sin, measfar gurb í náisiúntacht an Bhallstáit ina bhfuil an infheistíocht bunaithe náisiúntacht na hinfheistíochta sin;

(b) mura bhfuil an infheistíocht ag gabháil d'oibríochtaí substainteacha gnó sa dóigh is go bhfuil baint dhíreach agus éifeachtach aici le geilleagar an Bhallstáit ina bhfuil sí bunaithe, measfar gur náisiúntacht na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil an infheistíocht faoina n-úinéireacht nó faoina rialú náisiúntacht na infheistíochta sin. Measfar go bhfuil an infheistíocht "faoi úinéireacht" daoine de chuid tíre áirithe má tá níos mó ná 50 % dá leas cothromais faoi úinéireacht thairbhiúil daoine den tír sin agus measfar go bhfuil sí "faoi rialú" ag daoine de chuid tíre áirithe, má tá sé de chumhacht ag na daoine sin tromlach de na stiúrthóirí a ainmniú nó a gníomhaíochtaí a stiúradh go dlíthiúil ar bhealach eile;

(c) de mhaolú ar fhomhír (a), má chinntear gur cheart feidhm a bheith ag bearta freagartha an Aontais maidir le daoine dlítheanacha a thagann faoi fhomhír (a), is náisiúntacht nó buanchónaithe an duine nádúrtha nó dhlítheanach nó daoine ar leo nó a rialaíonn an infheistíocht san Aontas a bheidh náisiúntacht na hinfheistíochta sin. Measfar go bhfuil an infheistíocht "faoi úinéireacht" daoine de chuid tíre áirithe má tá níos mó ná 50 % dá leas cothromais faoi úinéireacht thairbhiúil daoine den tír sin agus measfar go bhfuil sí "faoi rialú" ag daoine de chuid tíre áirithe, má tá sé de chumhacht ag na daoine sin tromlach de na stiúrthóirí a ainmniú nó a gníomhaíochtaí a stiúradh go dlíthiúil ar bhealach eile.

4. Maidir le gnéithe de chearta maoine intleachtúla a bhaineann le trádáil, tuigfear an téarma "náisiúnaigh" sa chiall chéanna agus a úsáidtear é i mír 3 d'Airteagal 1 de Chomhaontú EDT maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil.